# Nuacht Neachtain

## Meán Fómhair 2018

### FÁILTE!

Beatha agus sláinte!  Fáilte romhat ar ais go Nuacht Neachtain – nuachtlitir mhíosuil de chuid Ghaelscoil Neachtain.  Chun tuismitheoirí nua a chur ar an eolas, meán teagmhála breise atá é Nuacht Neachtain idir an Ghaelscoil agus tú féin mar thuismitheoir.  Ba mhaith linn fearadh na fáilte a chur roimh achan duine ar ais go Gaelscoil Neachtain don scoilbhliain 2018-2019 Cuirimid fáilte speisialta roimh na 24 páiste ag Naíscoil Neachtain, an chéad rang naíolainne de chuid na Gaelscoile choíche faoi stiúradh Múinteoir Aoife Ní Fhlannagáin agus cúntóir Jacqueline Uí Mhachail.  **(Gheobhaidh tuismitheoirí Naíscoile nuachtlitir ar leith mhíosúil fosta.)** Mar a gcéanna, ba mhaith linn fáilte ó chroí a chur roimh na 22 páiste ag teacht isteach go Rang 1.  Tá súil againn go mbainfidh *gach* páiste sult is sonas agus fiúntas leanúnach as táithí Ghaelscoil Neachtain a sheasfaidh leo ar feadh a linne.  Tá súil againn fosta go mbainfidh gach tuismitheoir tairbhe as bheith linn fosta.

### BRONNTANAS AN AMA

Ag Gaelscoil Neachtain déanaimid machnamh gach maidin ar mhaitheas an lae atá os ár gcomhair:

**Tá mé ar mo shuaimhneas.**
**Seo lá nua.**
**Tá mé a dhul a dhéanamh mo dhícheall inniu.**
**Tá mé a dhul a dhéanamh mo dhícheall ag foghlaim agus**
**Tá mé a dhul a dhéanamh mo dhícheall ag súgradh.**
**Is duine maith mé agus**
**Tá mé a dhul a dhéanamh maitheas éigin an lá seo.**
**Tá mé a dhul a bhaint tairbhe as an lá seo,**
**Tá mé a dhul a bhaint  sult as an lá seo.**
**Tá mé réidh toiseacht –**
**Go raibh maith agat, a Dhia, as an lá nua seo.**

### BAILL NUA FOIRNE

Cuirimid fáilte ó chroí roimh na baill nua foirne mar a leanas go Gaelscoil Neachtain –
Lauren Nic Lochlainn – Ranganna 3 / 4; Cailín Nic an tSionnaigh – Rang 5 (An Déardaoin agus An Aoine); Malachy Ó Duifin – Rang 7.  Guímid gach rath orthu agus tá súil againn go mbaineann siad sult as bheith páirteach i saol na Gaelscoile.

### WELCOME!

Beatha agus Sláinte!  Welcome back to Nuacht Neachtain – Gaelscoil Neachtain's monthly newsletter.  By way of introduction to new parents, Nuacht Neachtain is an extra means of communication between the Gaelscoil and yourself the parent.  We welcome everyone back to Gaelscoil Neachtain for the school year 2018-2019.  We extend a special welcome to our 24 children in Naíscoil Neachtain, the Gaelscoil's first ever nursery class under the leadership of Múinteoir Aoife Ní Fhlannagáin and assistant Jacqueline Uí Mhachail. **(Naíscoil parents will also receive a separate monthly newsletter.)** Likewise, we warmly welcome our 22 children starting in Rang 1.  We sincerely hope that *all* our children enjoy their learning at Gaelscoil Neachtain and that their experience here will be positive, happy and of lasting value throughout their lives!  We also hope that you, as a parent, benefit from your association with Gaelscoil Neachtain.

### THE GIFT OF TIME

Every morning at Gaelscoil Neachtain, we think about the value of the day ahead:

**I am at peace.**
**This is a new day.**
**I am going to do my best today.**
**I am going to do my best learning and**
**I am going to do my best playing.**
**I am a good person and**
**I am going to do good this day.**
**I am going to benefit from this day,**
**I am going to enjoy this day.**
**I am ready to begin –**
**Thank-you God for this new day.**

### NEW MEMBERS of STAFF

We welcome the following new members of staff to Gaelscoil Neachtain for the school year 2018 – 2019 –
Lauren Nic Lochlainn – Ranganna 3 / 4; Cailín Nic an tSionnaigh – Rang 5 (Thursdays and Fridays);.Malachy Ó Duifin – Rang 7.  We wish them every success and trust they enjoy being part of Gaelscoil life.

## *TOIPIC FHOGHLAMA*

Léitear thíos, le do thoil, na toipicí foghlama éagsúla, a bhfuil na páistí ag dul do i dTéarma 1a.

**Rang 1**

Tá Rang 1 ag dul don topaic *Mé Féin agus Mo Theaghlach* an leath-théarma seo. Tá na páistí ag foghlaim fúthú féin, faoin chorp agus faoina dteaghlaigh le linn na topaice seo.

**Rang 2**

Tá páistí Rang 2 ag fiosrú fosta, ag leibhéal níos forbartha, faoin topic *Mé Féin agus Mo Theaghlach* an leath-théarma seo. Tá siad ag foghlaim faoin chorp agus tá siad ag fiosrú na gcúig cheadfa. Amharcfaidh siad ar na dóigheanna arbh fhéidir leo a gcorp a choinneail sláintiúil.

**Ranganna 3 /4**

Tá Rang 3 ag dul don topaic *Is Maith Linn an Scoil!* Tá siad ag foghlaim faoi chineáil éagsúla scoileanna atá ann sa tír seo agus i dtíortha eile. Cuirfear suirbhé amach chuig Mamó agus Daideo ag fiosrú scoileanna mar a bhíodh. Tá na páistí ag foghlaim faoina gceantar féin fosta.

**Rang 5**

Beidh Rang 5 ag foghlaim faoi *Muintearas agus Mé Féin* an leath-théarma seo. Tá siad ag foghlaim faoi *mé féin*, na céadfaí, mise mar chuid den phobal agus faoina gceantar féin. Mar chuid den fhoghlaim faoi na céadfaí, beidh na páistí ag foghlaim an aibitír i dteanga chomharthaíochta na hÉireann fosta.

**Rang 6**

Tá páistí Rang 6 ag foghlaim faoin *Eitilt.* Mar chuid den tóipic, tá siad ag amharc ar na héin, an nadúr, cúrsaí teicneolaíochta agus an dóigh a mbíonn eitleáin san aer. Gheobhaidh siad amach faoi dhaoine cailúla cosúil leis the Wright Brothers agus Amelia Earhart. Tá e-leathannach *Fronter* ag na páistí chun cuidiú agus chun cuir leis an fhoghlaim.

**Rang 7**

Is í An Fheirmeoireacht toipic fhoghlama páisti Rang 7 an leath-théarma seo. Tá na paistí ag foghlaim faoi bharra éagsúla agus faoi ainmhithe feirme in Éirinn agus i dtíortha eile. Tá siad ag foghlaim fosta faoi innealra feirme.

**AN PHONCÚLACHT**

**Tosaíonn an lá scoile ar 8.50r.n. gach lá d'achan pháiste ag Gaelscoil Neachtain.**

## *LEARNING TOPICS*

Please read below the various learning topics children are learning about in Term 1a.

**Rang 1**

Rang 1 are investigating the topic *Myself and My Family* this term. The children are learning about themselves, their body parts and their families during this topic.

**Rang 2**

This half-term the children in Rang 2 are also investigating, at a more developed level, the topic of *Myself and My Family*. They are learning about the body and are investigating the senses. They will also look at ways in which they can keep their bodies healthy.

**Ranganna 3/4**

Children in Rang 3 are finding out about different kind of schools in this country and in other countries through the topic *We Like School!* A survey will be sent out to grandparents as part of their research into schools long ago. The children are also learning about where they live.

**Rang 5**

This half term, Rang 5 will be learning about *Being and Belonging*. They will be learning about *myself*, their senses, themselves as part of the community and about their own area. As part of learning about the senses, the children will also learn how to sign the alphabet in Irish Sign Language.

**Rang 6**

Rang 6 children are learning about the topic *Flight*. As part of the topic, they are looking at the birds, nature, technology and the way in which aeroplanes stay in the air. They will also learn about famous people in history associated with flight such as The Wright Brothers and Amelia Earhart. The children have an e-learning *Fronter* page to help and to encourage them with their learning.

**Rang 7**

Farming is the learning topic for children in Rang 7 this half-term. The children are learning about various crops and farm animals in Ireland and in other countries. They are also learning about farm machinery.

**PUNCTUALITY**

**The school day begins at 8.50a.m. every day for all the children at Gaelscoil Neachtain.**

### CEARDLANN TUISMITHEOIRÍ

Tá an chéad cheardlann tuismitheoirí den scoilbhliain 2018-2019 ann anocht, An **Mairt, 18 Meán Fómhair, 2018, ar 7.00i.n.** sa Ghaelscoil. Is í an Litearthacht fócas den cheardlann seo. Tosóidh an cheardlann amach le seisiún eolais ar Pholasaí Ghaeilge Ghaelscoil Neachtain agus ina dhiaidh sin, déanfar cur i láthair ar eilimintí riachtanacha na Litearthachta. Ar deireadh, rachaidh tuismitheoirí chuig seomra ranga an pháiste s'acu, áit a bhfaighidís amach fá na gníomhaíochtaí litearthachta ina bhfuil a bpáistí páirteach ann faoi láthair.
**Iarrtar ar thuismitheoir amháin ar a laghad as achan teaghlach freastal, le do thoil.**

### GHOBHARNÓIRÍ TUISMITHEORA

Ag teacht le hAthbhuanú Bord na nGobharnóirí, 2018 – 2022, tá beirt thuismitheoir le hainmniú. Is féidir leis na Gobharnóirí Tuismitheora atá ann faoi láthair, Sarah Kelly agus Katie Uí Mhanacháin, a athainmniu nó, ar an lámh eile, is féidir ainmniúcháin nua a dhéanamh. Cuirfear litir abhaile Dé Céadaoin maidir leis an phróiseas.

### ÉADAÍ SCOILE

*Tá muid uilig iontach bródúil as éadaí scoile Ghaelscoil Neachtain. Deirtear linn go minic cé chomh hálainn is atá sí. Iarrtar ar thuismitheoirí a chinntiú go gcaitheann gach páiste* ***éadaí scoile iomlán ar scoil gach lá, bróga dubha san aireamh.*** *Go raibh maith agat.*

### AN CORPOIDEACHAS

**Clár ama sealadach:**
R. 1 – An Chéadaoin
R.2 - An Chéadaoin
R.3 / 4 – An Chéadaoin
R.5 – An Mháirt
R.6 – An Chéadaoin
R. 7 - An Déardaoin.
Iarrtar ar pháistí bróga reatha a chaitheamh don chorpoideachas. Tá fáilte roimh pháistí bríste spóirt a chur orthu don chorpoideachas agus aathrú sna héadaí scoile arís ina dhiaidh.

### AN IOMÁINT

Ag toiseacht 20 Meán Fómhair, tiocfaidh Caomhán Ó hAnfaidh isteach chun na Gaelscoile maidin Déardaoin chun traenáil iománaíochta a dhéanamh le páistí Ranganna 5,6,7.

Ag toiseacht, 25 Meán Fómhair, déanfaidh Olibhéar Ó Ceallaigh agus Orlaith Ní Mhaoláin traenáil iarscoile le páistí R.5,6,7 idir 3 – 4i.n. Cuir sos sa bhreis, le do thoil, le do pháiste le hithe sula dtosaíonn an seisiún iarscoile. Go raibh maith agat.

### PARENTS' WORKSHOP

The first parents' workshop of the school year 2018-2019 will be held tonight, **Tuesday, 18th September, 2018, at 7.00p.m. in the Gaelscoil.** The focus of this workshop is Literacy. The workshop will begin with an information session on Gaelscoil Neachtain's Irish Language Policy and will be followed by a presentation on the essential elements of literacy. Finally, parents will go to their children's classrooms where they will have an opportunity to find out about the literacy activities their children are currently involved in.
**At least one parent from every family is asked to attend, please.**

### PARENT GOVERNORS

In keeping with the Reconstitution of the Board of Governors, 2018 – 2022, two parents are to be appointed. Our current Parent Governors, Sarah Kelly and Katie Uí Mhanacháin, may be re-nominated or alternatively new nominations may be made. A letter will be sent home on Wednesday regarding the process.

### SCHOOL UNIFORM

*We are all very proud of our Gaelscoil Neachtain uniform. We are often told how well it looks. Parents are asked to ensure that all children wear the* ***full uniform, including black shoes,*** *to school every day. Go raibh maith agat.*

### P.E.

**Provisional time-table:**
R. 1 – Wednesday
R.2 – Wednesday
R.3 / 4 – Wednesday
R.5 – Tuesday
R.6 – Wednesday
R.7 – Thursday
All children are asked to wear trainers for P.E. Children may wear tracksuit bottoms for P.E. and to change into their school uniform again afterwards.

### HURLING

Starting 20th September, Kevin Hinphey will come into to the Gaelscoil on Thursday mornings to take the Ranganna 5,6,7 children for hurling training.

Beginning 25th September, Oliver Kelly and Orlaith Ní Mhaoláin will take Ranganna 5,6,7 children for after-school training between 3 – 4p.m. Please send an extra break with your child to eat before the after-school session starts. Go raibh maith agat.

## AN PÁIRCEÁIL

**Iarrtar ar thuismittheoirí pairceáil, le do thoil, sa chlós íochtair má tá siad ag teacht isteach chun na Gaelscoile ar maidin. IARRFAR, LE MEAS, AR ACHAN TIOMÁNAÍ A DHÉANANN PÁIRCEÁIL SA tSLÍ GHAELSCOILE ,BOGADH AR AGHAIDH.**

### CÓTAÍ!!

**BÍ CINNTE, LE DO THOIL, GO gCUIRTEAR CÓTA AR SCOIL LE DO PHÁISTE GACH LÁ. GO RAIBH MAITH AGAT. CUIRTEAR AINM AR AN CHÓTA, LE DO THOIL!**

### SIOPA TORTHAÍ

Bunaíodh an Siopa Torthaí chun ithe den bhia shláintiúil a fhorbairt mar nós ag páistí. Tá ag éirí go han-mhaith leis an chleachtadh. £30p an píosa torthaí – uasmhéid dhá phíosa. Molaimid don uile pháiste bheith páirteach. Go raibh maith agat.

## AN CLUB BRICFEASTA

Club Bricfeasta ar oscailt gach maidin idir 8.15 – 8.45r.n. **Glactar leis na hordaithe deireanacha don bhricfeasta ar 8.40r.n.** Níl maoiniú againn a thuilleadh ón Léann Leathnaithe don Chlub Bhricfeasta. **Ar an drochuair, mar sin de, ní mór dúinn an costas a ardú go 30p ag toiseacht Dé Luain, 24 Meán Fómhair.** Go raibh maith agat.

### BÉILTE SAOR IN AISCE!!

Muna bhfaigheann an pháiste s' agatsa dinnéar saor in aisce, ach síleann tú, b'fhéidir, go bhfuil sé tuillte aige nó nach bhfuil tú cinnte, is fiú go mór eolas a chuardach. Is féidir leat foirm iarratais a fháil ó oifig na scoile.

## EOLAS GAELSCOILE

**Má tá tú ag iarraidh eolais, nó soiléireacht, fá dtaobh d'ábhar ar bith Gaelscoile, téitear i dteagmháil, le do thoil, leis an mhúinteoir ranga nó cuirtear glaoch ar oifig na Gaelscoile – 028 777 42529. Go raibh maith agat.**

## COSAINT AN PHÁISTE

***Is í Danielle Nic Ailín Múinteoir Ainmnithe don Chosaint Pháistí. Is í Róisín Mhic Thaidhg Leasmhúinteoir Ainmnithe don Chosaint Pháistí. Má tá tú buartha faoi aon rud, gabh i dteagmháil le ceachtar acu láithreach bonn.***

## PARKING

**Parents who are coming into the Gaelscoil in the morning are asked to please park in the lower playground. ALL DRIVERS WHO PARK IN THE GAELSCOIL DRIVEWAY WILL, RESPECTFULLY, BE ASKED TO MOVE ON.**

### COATS!!

**PLEASE SEND A COAT WITH YOUR CHILD TO SCHOOL EVERY DAY. THANK-YOU! PLEASE ENSURE CHILD'S NAME IS ON THE COAT!**

### SIOPA TORTHAÍ / FRUIT SHOP

The Fruit Shop was set up to help children develop healthy eating habits. This is a very successful project. Each piece of fruit costs 30p – two pieces maximum. We encourage all children to participate. Go raibh maith agat.

## BREAKFAST CLUB

The Breakfast Club is open every morning between 8.15 – 8.45a.m. **Please note: last orders for breakfast are taken at 8.40a.m.** We no longer have Extended Schools' funding to support the Breakfast Club. **Unfortunately, therefore, we have to raise the price to 30p starting Monday, 24th September.** Go raibh maith agat.

### FREE SCHOOL MEALS!!

If your child does not receive free meals, but you think, maybe, he / she may be entitled to them, it is well worth while checking this out. Application forms are available from the school office.

## GAELSCOIL INFORMATION

**If you for looking for information, or clarity, in relation to any Gaelscoil matter, please contact the class teacher or phone the Gaelscoil office – 028 777 42529. Go raibh maith agat.**

## CHILD PROTECTION

***Danielle Nic Ailín is the Designated Teacher for Child Protection. Róisín Mhic Thaidhg is the Deputy Designated Teacher for Child Protection. If you have any concerns, contact either immediately.***